Bearta Ginearálta chun Galair a Chosc

Déan do thréad agus tréad na comharsana a chosaint trí:

- **Fálú** sásúil a bheith agat chun teagmháil srón le srón idir eallaí na comharsana agus d'eallaí féin a sheachaint agus le cinntiú nach dtugtar rochtain ar do thalamh do **fhianna** fiáine.
- **Uisce** óil a soláthar d'eallaí ó fhoinse atá glan.
- **Ná roinn** trealamh, gabhlaigh, cróite, sciobóil agus bóithríní feirme.
- **Tástálacha Eitinne a chomhlíonadh gan mhoill agus ar gach buaibheach ar do fheirm nuair a iarrtar a leithéidí. Tabharfaidh an Oifig Tréidliachta Áitiúil fógra duit nuair atá tástálacha mar seo le déanamh.**
- Leibhéal **cothaithe** ard a chinntiú do gach ainmhí.
- **Leas** maith ainmhithe a chleachtadh.
- Réamhchúraimí a thógáil in aghaidh **fiadhúlra** ionfhabhtaithe mar atá sonraithe sa bhileog.
- Sciobóil agus feithiclí iompair a **dhífhabhtú** go rialta.
- **Do stoc athsholáthair féin a phórú,** nó más gá ainmhithe a thabhairt isteach, ainmhithe a fháil a fuair tástáil le déanaí agus ó fhoinsí creidiúnacha. Má tá tú ag ceannach trí mharglann, is féidir leat a chinntiú go bhfuil na hainimhithe tástáilte le 30 lá agus/nó an caighdeán easpórtála sroichte acu, trí scrúdú a dhéanamh ar shonraí léirithe ar an gclár taispeána leictreonach. Laghdóidh sé seo an riosca maidir leis an ngalar a thabhairt isteach i do thréad.

RIAR MAITH
DÉANANN SÉ CIALL !

Oifigí Thréidliachta Áitiúla na Roinne Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia

Uaireanta Oscailte:
Dé Luain - Dé hAoine 9.30rn go dtí 12.30in agus 2.00in go dtí 5.00in
Dé Sathairn, Dé Domhnaigh & Saoire Bainc: DÚNTA

Litir	ID*	Contae	Teileafón	Seoladh
A	11	Ceatharlach	059 9170022	Oifigí an Rialtais, Eastát Tionsclaíochta Strawhill, Bóthar Bhaile Átha Í, Ceatharlach.
B	12	An Cabhán	049 4368200	Oifigí an Rialtais, Sráid Fhearnáin, An Cabhán
C	13	An Clár	065 6866042	Oifigí an Rialtais, Bóthar Chill Rois, Inis, Co. an Chláir
D	15	Corcaigh Thoir Thuaidh	021 4851400	3ú Urlár, Teach Hibernian, 80 An Meal Theas, Corcaigh
D	14	Corcaigh Láir	021 4851400	4ú Urlár, Teach Hibernian, 80 An Meal Theas, Corcaigh
D	14	Corcaigh Thiar Theas	023 36200	Darrara, Cloich na Coillte Co. Chorcaí
E	16	Dún na nGall	074 9145990	Sráid Theach an Tionóil, Ráth Bhoth, Co. Dhún na nGall
F Z	17 38	**Baile Átha Cliath/ Cill Mhantáin Thoir	01 4149900	Teach Naomh Eoin, An tSráid Ard, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24
G	18	Gaillimh	091 507600	Foirgneamh Dockgate, Bóthar na gCeannaithe, Gaillimh
H	19	Ciarraí	066 7145052	Oifigí an Rialtais, Bóthar an Spá, Trá Lí. Ciarraí
I Z	20 39	***Cill Dara/ Cill Mhantáin Thiar	045 873035	Teach na Poibleoige, Cearnóg na Poibleoige, An Nás, Co. Chill Dara
J	21	Cill Chainnigh	056 7772400	Oifigí an Rialtais, Bóthar Hebron, Cill Chainnigh
K	22	Laois	057 8674400	Oifigí an Rialtais, Seanbhóthar Mhainistir Laoise, Port Laoise, Co. Laoise
L	23	Liatroim	071 9682000	Oifigí an Rialtais, An Phríomhshráid, Droim Sean-bhó, Co. Liatroma
M	24	Luimneach	061 500900	Halla Houston, Ascaill Bhaile an Choimín, Eastát Tionsclaíochta Raithín, Raithín, Luimneach.
N	25	An Longfort	043 50020	Oifigí an Rialtais, Bóthar Bhéal Átha na Lao, Longfort.
O	26	An Lú	041 9870086	An Ché Thuaidh, Droichead Átha, Co. An Lú
P	27	Maigh Eo	094 9035300	Teach Michael Davitt, Caisleán an Bharraigh, Co. Mhaigh Eo
Q	28	An Mhí	046 9079030	Oifigí an Rialtais, Áth Luimnigh, Cill an Chairn, An Uaimh, Co. na Mí
R	29	Muineachán	042 9748800	An Phríomhshráid, Béal Átha Beithe, Co. Mhuineacháin
S	30	Uíbh Fhailí	057 9346037	Oifigí an Rialtais, Cluain Minse, An Tulach Mór, Co. Uíbh Fhailí
T	31	Ros Comáin	090 6630100	Oifigí an Rialtais, Bóthar an Chlochair, Ros Comáin
U	32	Sligeach	071 9155030	Oifigí an Rialtais, Bóthar an Chrainn Mhóir, Sligeach
V	33	Tiobraid Árann Thuaidh	067 50014	Oifigí an Rialtais, Bóthar Naomh Chonláin, An tAonach, Co. Thiobraid Árann
V	34	Tiobraid Árann Theas	062 80100	Oifigí an Rialtais, Sráid Davis, Tiobraid Árann
W	35	Port Láirge	051 301700	An Ghleann, Port Láirge.
X	36	An Iarmhí	044 9339034	Bellview, Bóthar Bhaile Átha Cliath, An Muileann Gearr, Co. na hIarmhí
Y	37	Loch Garman	053 9242008	Lána Chnoc Fhíodh na gCaor, Teampall Sheanáin, Inis Córthaidh, Co. Loch Garman
Z	38	**Cill Mhantáin Thoir		Féach Baile Átha Cliath
Z	39	***Cill Mhantáin Thiar		Féach Cill Dara

*ID Contae do Chlibeanna Cluaise Uimhriúla
Láithreán Gréasáin na Roinne Talmhaíochta, Iascaigh & Bia http://www.agriculture.gov.ie

EITINN BHUAIBHEACH

Comhairle do Choimeádaithe

An riosca ionfhabhtaithe a íoslaghdú agus
Cad le déanamh nuair atá Eitinn aitheanta
i do thréad

Department of
Agriculture,
Fisheries and Food
An Roinn
Talmhaíochta,
Iascaigh agus Bia

www.agriculture.gov.ie
Athbhreithnithe 2008

Cén fáth gur chóir duit do thréad a choinneáil saor ó Eitinn?

Is galar tógálach í an Eitinn.

Is féidir le ráig d'Eitinn na hiarmhairtí a leanas a bheith aici:

- Riosca sláinte poiblí.
- Deiseanna trádála caillte.
- Fadhbanna ag eascairt ó shrianadh an tréada.
- Caillteanas eacnamaíochta - ag eascairt ó stoc agus táirge caillte.
- Ceataí maidir le tástáil bhreise an tréada.

Riosca Sláinte Poiblí

- Is féidir leis an orgánach atá mar chúis le hEitinn in eallaí daoine daonna a ionfhabhtú chomh maith.

Chun an riosca ionfhabhtaithe a laghdú:

- Ná hól bainne nó táirgí bainne nach bhfuil paistéartha **riamh.** Is féidir leis ionfhabhtú a iompar.
- Nigh agus dífhabhtaigh do lámha tar éis ainmhithe a láimhseáil.
- Caith masc agus éadaí cosanta nuair atá sciodar á leathadh.

Leithliú an Ionfhabhtaithe

Má aithnítear Eitinn i do thréad, caithfidh tú iarracht a dhéanamh chun leathnú breise an ghalair a chosc laistigh den tréad trí:

- Na himoibreoirí agus imoibreoirí neamhchonclúideacha a leithlisiú láithreach ón gcuid eile den tréad.*
- Bainne na n-imoibreoirí agus imoibreoirí neamhchonclúideacha a choinneáil siar ón ollumar bainne agus gan an bainne sin a bheathú do laonna.*
- Foirgnimh a ghlanadh agus a dhífhabhtú le níochán cumhachta agus dífhabhtán faofa.*
- Eallaí a choinneáil le chéile ina ngrúpaí reatha go dtí go bhfaightear réiteach ar an ionfhabhtú.
- Déanann sé ciall mhaith eacnamaíochta gan eallaí glan a mheascadh le cinn atá ionfhabhtaithe.

(* = Ceanglas Dlíthiúil)

Bainistíocht Eiscréide Ainmhithe

D'fhéadfadh eallaí ionfhabhtaithe orgánaigh Eitinne a scaoileadh ina mbualtrach agus is féidir leo maireachtáil ar feadh 6 mhí nó níos faide i sciodar leachtach.

Laghdaigh an riosca maidir le leathadh an ghalair trí:

- **Aoileach** eallaigh a chruachadh agus a mhúiríniú ar feadh íosmhéid de mhí amháin roimh leathadh.
- **Sciodar** a stóráil ar feadh **íosmhéid** de 2 mhí ach ar feadh 6 mhí más féidir.
- Sciodar a leathadh ar thalamh atá úsáidte do churaíocht, sadhlas nó féar tirim, ach **ní ag staid ina bhfuil eallaí sna páirceanna in aice láimhe**.
- Cinntí go bhfuil an **trealamh leata sciodair** nite agus dífhabhtaithe roimh agus tar éis úsáide.
- Cuir aol leis an sciodar - go háirithe mura bhfuil stóráil indéanta. Ardóidh aol an pH a mharaíonn na horgánaigh Eitinne. Déan teagmháil le d'Oifig Tréidliachta Áitiúil chun sonraí a fháil.

Laghdaigh síobadh sciodair trí:

- Sciodar a threorú síos i dtreo na hithreach nó teicnící inteilgin dhírigh a úsáid.
- Leathadh nuair atá coinníollacha taise nó báisteach éadrom i gceist a laghdaíonn ar aerasólú.
- Na húsáid tancaer gunnaí báistí riamh le sciodar a leathadh.
- Múch an caidéal folúis láithreach nuair atá an tancaer folamh chun táirgeadh ceocháin a íoslaghdú

CUIMHNIGH GO BHFUIL COSC DE RÉIR DLÍ AR SCIODAR ÉILLITHE A LEATHADH AR ACHAR FÉARAIGH

MURA BHFUIL TÚ CINNTE FAOI GHNÉ AR BITH DEN CHOMHAIRLE SEO, SOLÁTHRÓIDH DO THRÉIDLIA NÓ OIFIG THRÉIDLIACHTA ÁITIÚIL NA DÚICHE BREIS EOLAIS AR IARRATAS

Fiadhúlra agus Eitinn

Tá broic ar an speiceas fiadhúlra ionfhabhtaithe is coitianta. Tá sé léirithe ag taighde go bhfuil suas le 50% de bhroic i gceantair áirithe atá ionfhabhtaithe le hEitinn Bhuaibheach. Tá broic ionfhabhtaithe aimsithe i ngach contae in Éirinn.

Toisc go bhfuil an timpeallacht chéanna a roinnt ag broic le hainmhí clóis, is dócha go mbeidh an galar leata ó speiceas amháin go speiceas eile.

IS SPEICEAS COSANTA IAD BROIC AGUS FIANNA AGUS IS CION ATÁ ANN CUIR ISTEACH AR BHROCAIRÍ, NÓ BROIC NÓ FIANNA A SHEILG GAN CHEADÚNAS SPEISIALTA.

Coinnigh eallach agus fiadhúlra ionfhabhtaithe scartha óna chéile trí:

- Fálta a chur idir an eallach agus uiscebhealaí coiteann, locháin mharbhánta, brocairí agus láithreáin leithris na mbroc.
- Trachanna uisce agus bia a ardú níos mó ná 84 cm (32 orlach) os cionn na talún agus iad a choinneáil amach ó bhallaí agus ó chlaíocha chun nach mbeifear in ann ithe ná ól astu.
- Gan beatha láimhe a thabhairt d'eallach áit ar féidir le broic agus/nó fianna é a roinnt leo i mbeathaitheoirí ciorclacha, mar shampla, nó i dtrachanna mine.
- Ionaid stórála beatha, sciobóil eallaigh agus clóis a choinneáil iata chun nach mbeidh an fiadhúlra in ann teacht isteach.
- Páirceanna a sheiceáil go rialta do chonablaigh bhroc agus go háirithe roimh eallach a aistriú go féarach nua.
- Tabhair aire má bhíonn aon rud neamhghnách i gceist nuair a bhíonn broic le feiceáil, iad a fheiceáil i rith an lae, mar shampla. D'fhéadfadh na broic a bheith breoite le heitinn - téigh i dteagmháil le d'Oifig Tréidliachta Áitiúil.

Briseadh Amach Eitinne

Má aithnítear Eitinn i do thréad, ba chóir duit do fheirm a sheiceáil agus insint do Chigire Tréidliachta na háite faoi bhrocairí ar bith ionas gur féidir leis an Roinn do bhriseadh amach Eitinne a iniúchadh. Déan taismigh áitiúla broc ar na bóithre a thuairisciú chomh maith agus go háirithe broic a fhaightear marbh ar do thalamh nó i sciobóil ar do thalamh.